Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

28 Eanáir 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2021/77 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 lena ndiúltaítear údarú a thabhairt do mhaímh ar leith maidir le sláinte, ar maímh iad a bhaineann le bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do riosca galair a laghdú agus iad siúd lena dtagraítear d'fhorbairt agus do shláinte leanaí** ([1]) 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/78 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a d'eascair as paindéim COVID-19** 5

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/79 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí tópramasón, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh** ([1]) 8

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/80 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 maidir le neamh-fhormheas dé-ocsaíde carbóin mar shubstaint bhunúsach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh** ([1]) 10

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/81 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 lena bhformheastar an tsubstaint bhunata eastóscán bleibe *Allium cepa* L. i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún** ([1]) 12

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/82 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 lena n-údaraítear salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún** ([1]) 16

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

* Faoin tagairt L 29 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/83 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha atá údaraithe go sonrach rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh agus le tréimhse chur i bhfeidhm na mbeart sealadach** ([1]) 23

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2021/84 ón gComhairle an 25 Eanáir 2021** 25

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 maidir leis an gcoibhéis idir ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus creat rialála Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le contrapháirtithe lárnacha a dhéanann an *U.S. Securities and Exchange Commission* a údarú agus a mhaoirsiú** ([1]) 27

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/77 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

lena ndiúltaítear údarú a thabhairt do mhaímh ar leith maidir le sláinte, ar maímh iad a bhaineann le bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do riosca galair a laghdú agus iad siúd lena dtagraítear d'fhorbairt agus do shláinte leanaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 i dtaca le maímh maidir le cothú agus le sláinte a dhéantar i leith bianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, tá toirmeasc ar mhaímh maidir le sláinte a dhéantar i leith bianna ach amháin má tá siad údaraithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Rialachán sin agus go n-áirítear iad i liosta de mhaímh cheadaithe.

(2) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 freisin go bhféadfaidh oibreoirí gnólachtaí bia iarratais ar údaruithe i leith maímh maidir le sláinte a chur faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta Ballstáit. Cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta iarratais bhailí chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), dá ngairtear "an tÚdarás" anseo feasta, le haghaidh measúnú eolaíoch, agus chuig an gCoimisiún agus na Ballstáit chomh maith, ar mhaithe le heolas.

(3) Tá an tÚdarás le tuairim a thabhairt ar an maíomh maidir le sláinte lena mbaineann.

(4) Déanfaidh an Coimisiún cinneadh i dtaca le húdarú a thabhairt do mhaímh maidir le sláinte agus an tuairim ón Údarás á cur san áireamh aige.

(5) Tar éis iarratas a fháil ó Lonza Ltd, a cuireadh isteach de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, ceanglaíodh ar an Údarás tuairim a thabhairt ar mhaíomh maidir le sláinte a bhain le L-carnitín agus le gnáthmheitibileacht lipidí (Ceist Uimh. EFSA- Q-2017-00564). Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir: "Rannchuidíonn L-cairnitín le gnáthmheitibileacht lipide".

(6) An 16 Eanáir 2018, fuair an Coimisiún agus na Ballstáit an tuairim eolaíoch ([2]) ón Údarás, inar thángthas ar an gconclúid, ar bhonn na sonraí a cuireadh i láthair, nár suíodh ceangal "cúis agus éifeacht" idir L-carnitín a chaitheamh agus rannchuidiú le gnáthmheitibileacht lipide sa spriocdhaonra. Dá réir sin, toisc nach gcomhlíonann an maíomh ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, níor cheart é a údarú.

([1]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 9.
([2]) Iris EFSA 2018;16(1):5137.

(7) Tar éis iarratas a fháil ó Unilever N.V., a cuireadh isteach de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, bhí de cheangal ar an Údarás tuairim a thabhairt ar mhaíomh maidir le sláinte a bhain le tae dubh agus gnáth-shoitheachleathadh atá spleách ar intéiliam a choinneáil ar bun (Ceist Uimh. EFSA-Q-2017-00419). Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir: "cuireann sé feabhas ar shoitheachleathadh atá spleách ar intéiliam, rud a chuireann le sreabhadh fola sláintiúil".

(8) An 16 Eanáir 2018, fuair an Coimisiún agus na Ballstáit an tuairim eolaíoch ([3]) ón Údarás, inar thángthas ar an gconclúid, ar bhonn na sonraí a cuireadh i láthair, nár suíodh ceangal "cúis agus éifeacht" idir tae dubh a chaitheamh agus gnáth-shoitheachleathadh atá spleách ar intéiliam a choinneáil ar bun. Dá réir sin, toisc nach gcomhlíonann an maíomh ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, níor cheart é a údarú.

(9) Tar éis iarratas a fháil ó Newtricious R&D B.V., a cuireadh isteach de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, bhí de cheangal ar an Údarás tuairim a thabhairt ar mhaíomh maidir le sláinte a bhain le NWT-02, teaglaim sheasta lúitéine, shéacsaintine agus aigéid dhocaisiheicséanóigh i mbuíocán, agus teip amhairc a laghdú (Ceist Uimh. EFSA-Q-2017-00539). Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir: "Laghdaítear teip amhairc trí NWT-02 a chaitheamh".

(10) An 18 Eanáir 2018, fuair an Coimisiún agus na Ballstáit an tuairim eolaíoch ([4]) ón Údarás, inar thángthas ar an gconclúid, ar bhonn na sonraí a cuireadh i láthair, nár suíodh ceangal "cúis agus éifeacht" idir NWT-02, teaglaim sheasta lúitéine, shéacsaintine agus DHA i mbuíocán a chaitheamh agus teip amhairc a laghdú. Dá réir sin, toisc nach gcomhlíonann an maíomh ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, níor cheart é a údarú.

(11) Tar éis iarratas a fháil ó TA-XAN AG., a cuireadh isteach de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, bhí de cheangal ar an Údarás tuairim a thabhairt ar mhaíomh maidir le sláinte a bhain le xantahúmól in XERME®, úsc braiche rósta atá saibhrithe le xantahúmól, agus DNA a chosaint ar dhamáiste ocsaídiúcháin (Ceist Uimh. EFSA-Q-2017-00663). Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir: "cuidíonn sé le sláine DNA a choinneáil ar bun agus tugann sé cosaint ar dhamáiste ocsaídiúcháin i gcealla an choirp".

(12) An 13 Márta 2018, fuair an Coimisiún agus na Ballstáit an tuairim eolaíoch ([5]) ón Údarás, inar thángthas ar an gconclúid, ar bhonn na sonraí a cuireadh i láthair, nár suíodh ceangal "cúis agus éifeacht" idir xantahúmól in XERME®, úsc braiche rósta atá saibhrithe le xantahúmól, a chaitheamh, agus DNA a chosaint ar dhamáiste ocsaídiúcháin. Dá réir sin, toisc nach gcomhlíonann an maíomh ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, níor cheart é a údarú.

(13) Tar éis iarratas a fháil ó Essential Sterolin Products (Pty) Ltd., a cuireadh isteach de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, bhí de cheangal ar an Údarás tuairim a thabhairt ar mhaíomh maidir le sláinte a bhain le teaglaim bhéite-síotoitéaróil agus ghlúcóisíd bhéite-síotoitéaróil agus gnáthfheidhmiú an chórais imdhíonachta (Ceist Uimh. EFSA-Q-2018-00701). Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir: "rannchuidíonn sé le ghnáthfheidhmiú an chórais imdhíonachta trí chothroime a athbhunú idir imdhíonacht trí mheán T_H1- agus imdhíonacht trí mheán T_H2-".

(14) An 24 Iúil 2019, fuair an Coimisiún agus na Ballstáit an tuairim eolaíoch ([6]) ón Údarás, inar thángthas ar an gconclúid, ar bhonn na sonraí a cuireadh i láthair, nár suíodh ceangal "cúis agus éifeacht" idir teaglaim bhéite-síotoitéaróil agus ghlúcóisíd bhéite-síotoitéaróil a chaitheamh i gcóimheas 100:1 agus dea-éifeacht fhiseolaíoch. Dá réir sin, toisc nach gcomhlíonann an maíomh ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, níor cheart é a údarú.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([3]) Iris EFSA 2018;16(1):5138.
([4]) Iris EFSA 2018;16(1):5139.
([5]) Iris EFSA 2018;16(3):5192.
([6]) Iris EFSA 2019;17(7):5776.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní déanfar na maímh maidir le sláinte a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a áireamh i liosta an Aontais de mhaímh cheadaithe dá bhforáiltear in Airteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Maímh maidir le sláinte a diúltaíodh

Cur i bhfeidhm – Forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006	**Cothaitheach, substaint, bia nó catagóir bia**	**An Maíomh**	**Tagairt na tuairime ó EFSA**
Airteagal 13(5), maíomh maidir le sláinte atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch nuafhorbartha agus/nó lena n-áirítear iarraidh ar chosaint sonraí dílseánaigh	L-cairnítín	Rannchuidíonn L-cairnitín le gnáthmheitibileacht lipide.	2018;16(1):5137
Airteagal 13(5), maíomh maidir le sláinte atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch nuafhorbartha agus/nó lena n-áirítear iarraidh ar chosaint sonraí dílseánaigh	Tae dubh	Cuireann sé feabhas ar shoitheachleathadh atá spleách ar intéiliam, rud a chuireann le sreabhadh fola sláintiúil.	2018;16(1):5138
Airteagal 13(5), maíomh maidir le sláinte atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch nuafhorbartha agus/nó lena n-áirítear iarraidh ar chosaint sonraí dílseánaigh	NWT-02, teaglaim sheasta lúitéine, shéacsaintine agus aigéid dhocaisiheicséanóigh i mbuíocán.	Laghdaítear teip amhairc trí NWT-02 a chaitheamh.	2018;16(1):5139
Airteagal 13(5), maíomh maidir le sláinte atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch nuafhorbartha agus/nó lena n-áirítear iarraidh ar chosaint sonraí dílseánaigh	Xantahúmól in XERME®, úsc braiche rósta atá saibhrithe le xantahúmól.	Cuidíonn sé le sláine DNA a choinneáil ar bun agus tugann sé cosaint ar dhamáiste ocsaídiúcháin i gcealla an choirp.	2018;16(3):5192
Airteagal 13(5), maíomh maidir le sláinte atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch nuafhorbartha agus/nó lena n-áirítear iarraidh ar chosaint sonraí dílseánaigh	Teaglaim bhéite-síotoitéaróil agus ghlúcóisíd bhéite-síotoitéaróil	Rannchuidíonn sé le ghnáthfheidhmiú an chórais imdhíonachta trí chothroime a athbhunú idir imdhíonacht trí mheán T_H1- agus imdhíonacht trí mheán T_H2-.	2019;17(7):5776

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/78 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a d'eascair as paindéim COVID-19

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 54 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ón gCoimisiún ([2]), tugadh isteach roinnt maoluithe ar na rialacha a bhí ann cheana *inter alia* in earnáil an fhíona, maoluithe arbh é ab aidhm dóibh faoiseamh a thabhairt d'oibreoirí fíona chun cuidiú leo déileáil le tionchar phaindéim COVID-19. D'ainneoin a úsáidí atá na bearta sin, áfach, níor éirigh le margadh an fhíona a chothromaíocht idir soláthar agus éileamh a athghnóthú ná ní mheastar go bhfaighidh sé ar ais é sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma de dheasca na paindéime leanúnaí.

(2) Thairis sin, táthar ag leanúint de na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 i bhformhór na mBallstát agus ar fud an domhain. Áirítear ar na bearta sin srianta a fhorchur i ndáil le méid na gcruinnithe sóisialta agus ócáidí ceiliúrtha, agus i ndáil leis na deiseanna le hithe agus le hól lasmuigh d'áitreabh pearsanta. Leantar de dhianghlasáil a fhorchur i limistéir áirithe, chomh maith le hócáidí poiblí agus cóisirí príobháideacha a chur ar ceal. Mar thoradh iarmhartach ar na srianta sin tá laghdú breise tagtha ar thomhaltas fíona san Aontas agus laghdú deimhnithe ar onnmhairiú fíona go tríú tíortha. Ina theannta sin, i ngeall ar an éiginnteacht maidir le fad na géarchéime, ar dócha go mairfidh sí níos faide ná deireadh na bliana 2020, tá dochar fadtéarmach á dhéanamh d'earnáil fíona an Aontais toisc nach dócha go dtiocfaidh téarnamh ar thomhaltas fíona agus go gcaillfear sciar den mhargadh onnmhairíochta. Tá tionchar diúltach nach beag á imirt ag an meascán cúinsí sin ar an bpraghsáil i margadh fíona an Aontais. Tá méadú tagtha ar stoic a bhí níos airde ná riamh cheana féin ag tús na bliana margaíochta 2019-2020. Ar deireadh, ní bheidh mar thoradh ar an bhfómhar ardtáirgeachta atá le teacht in 2020, fómhar a mheastar go mbeidh thart ar dheich milliún heictilítear níos mó fíona ann ná mar a bhí i bhfómhar 2019, ach go rachaidh an cás in olcas a thuilleadh.

(3) Mar iarmhairt air sin, i bhfianaise a fhad atá na srianta arna bhforchur ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 ag dul ar aghaidh agus i bhfianaise an gá le srianta a choimeád i bhfeidhm, tá an ghéar-shuaitheadh eacnamaíoch sna hasraonta fíona is suntasaí agus an tionchar diúltach ar an éileamh ar fhíon a eascraíonn as sin dulta in olcas.

(4) I bhfianaise an tsuaite rí-thromchúisigh margaidh seo agus charnadh na n-imthosca deacra atá tagtha chun cinn in earnáil an fhíona, rud a d'eascair as taraifí a ghearr na Stáit Aontaithe ar allmhairí fíona ón Aontas i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus atá ag dul ar aghaidh go fóill de bharr thionchar na mbeart sriantach leanúnach mar gheall ar phaindéim dhomhanda COVID-19, leanann oibreoirí in earnáil fíona an Aontais d'aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí eisceachtúla. Tá údar dá bhrí sin le tuilleadh cúnaimh d'earnáil an fhíona.

(5) Cur chun feidhme na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim in earnáil fíona an Aontais, bearta ar tugadh isteach iad le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600, meastar go bhfuil sé fíor-riachtanach leanúint de chun na solúbthachtaí atá ag teastáil chun cláir thacaíochta a chur chun feidhme in earnáil fíona an Aontais a sholáthar do na Ballstáit agus d'oibreoirí. Leis an deis a bhí ag na Ballstáit athruithe a thabhairt isteach ina gcláir náisiúnta féin aon uair ba ghá le linn na bliana, go háirithe, cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit freagairt go tapa do na himthosca eisceachtúla a bhí ann le míonna beaga anuas agus athruithe a chur isteach ina gcláir thacaíochta chomh luath agus

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 maidir le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a d'eascair as paindéim COVID-19 (IO L 140, 4.5.2020, lch. 40).

a measadh gur gá. Leis an tsolúbthacht sin cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit bearta nua a thabhairt isteach, na bearta a bhí ann cheana a bharrfheabhsú agus bearta a choigeartú níos minice, agus, de réir mar ba ghá, an staid mhargaidh mhearathraitheach á cur san áireamh. Ina theannta sin, leis an tsolúbthacht a tugadh isteach chun an beart maidir le glasbhuaint a chur chun feidhme tugadh an t-am ba ghá d'oibreoirí chun an beart a phleanáil agus an lucht saothair a theastaíonn a aimsiú le hoibriú sna dálaí deacra a d'eascair as paindéim COVID-19.

(6) Toisc go bhfuiltear ag súil leis go leanfaidh paindéim COVID-19 ar aghaidh tar éis dheireadh na bliana 2020 agus dá bhrí sin le linn cuid shuntasach de bhliain airgeadais 2021, meastar gur gá síneadh a chur le cur i bhfeidhm na mbeart ar feadh bhliain airgeadais 2021 ar fad.

(7) Ina theannta sin, mar gheall ar na deacrachtaí a bhain le bainistiú na gclár tacaíochta náisiúnta le linn phaindéim leanúnach COVID-19, thuairiscigh roinnt Ballstát nach bhfuil siad in ann athscrúdú a dhéanamh ar scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid a chuirtear i bhfeidhm ar bhearta áirithe sna cláir sin agus a bunaíodh de bhun Airteagal 24(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún ([3]). Dá bhrí sin, le linn na mblianta 2020, 2021 agus 2022, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit síneadh a chur leis an tréimhse ina ndéanfar athscrúdú den sórt sin, ó gach dara bliain tar éis na ríomhanna deireanacha, dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) den Rialachán sin, go dtí an ceathrú bliain tar éis na ríomhanna deireanacha. Chun an t-idirdhealú a sheachaint, ba cheart feidhm shiarghabhálach a bheith ag an tsolúbthacht sin amhail ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 a leasú dá réir.

(9) Chun suaitheadh a sheachaint agus na bearta chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim in earnáil fíona an Aontais á gcur chun feidhme agus chun aistriú rianúil idir an 2 bhliain airgeadais a áirithiú, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm shiarghabhálach a bheith aige ón 16 Deireadh Fómhair 2020.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600

Leasaítear Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, féadfaidh na Ballstáit, i ndáil leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 45(1)(a) agus Airteagail 46 go 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, aon uair is gá i rith na mblianta airgeadais 2020 agus 2021 ach tráth nach déanaí ná an 15 Deireadh Fómhair 2021, athruithe a dhéanamh ar a gcláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.";

(2) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"2. De mhaolú ar Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, i rith na mblianta airgeadais 2020 agus 2021, féadfaidh na Ballstáit:";

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona (IO L 190, 15.7.2016, lch. 23).

(3) cuirtear mír 3 isteach mar a leanas:

"3. De mhaolú ar Airteagal 24(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, i rith na mblianta 2020, 2021 agus 2022, déanfaidh na Ballstáit athscrúdú ar na ríomhanna dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal sin sa cheathrú bliain tar éis na ríomhanna roimhe sin ar a dhéanaí agus déanfaidh siad, más gá, scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid a bunaíodh ar dtús a choigeartú.".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Deireadh Fómhair 2020. Beidh feidhm ag pointe (3) d'Airteagal 1 ón 4 Bealtaine 2020, áfach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/79 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí tópramasón, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 80(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, tá feidhm ag Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([2]) maidir leis an nós imeachta agus na coinníollacha le haghaidh formheas substaintí gníomhacha a bhfuil cinneadh glactha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir sin, roimh an 14 Meitheamh 2011. An 9 Nollaig 2003, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2003/850/CE ([3]) maidir leis an tsubstaint ghníomhach tópramasón (ar a dtugtaí BAS 670H roimhe seo) i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir 91/414/CEE.

(2) An 12 Bealtaine 2003, rinne BASF Aktiengesellschaft (BASF SE a thugtar anois air) iarratas maidir le tópramasón a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE a chur faoi bhráid na Fraince i gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Treoir sin. Deimhníodh i gCinneadh 2003/850/CE gur chomhlíon an sainchomhad, i bprionsabal, na ceanglais sonraí agus faisnéise atá in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Treoir 91/414/CEE.

(3) Rinneadh an measúnú ar éifeachtaí tópramasóin ar shláinte daoine agus ainmhithe agus ar an gcomhshaol i dtaca leis na húsáidí a bheartaigh an t-iarratasóir a chur i gcrích i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 6(2) agus (4) de Threoir 91/414/CEE. Chuir an Fhrainc dréacht-tuarascáil mheasúnachta faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") an 21 Iúil 2006.

(4) D'athbhreithnigh na Ballstáit agus an tÚdarás an dréacht-tuarascáil mheasúnachta. Chuir an tÚdarás a chonclúid ([4]) maidir leis an measúnú riosca le haghaidh lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tópramasón faoi bhráid an Choimisiúin an 13 Eanáir 2014.

(5) Trí bhíthin litir dar dáta an 29 Meitheamh 2020, tharraing BASF SE a iarratas ar fhormheas tópramasóin siar.

(6) Mar gur tarraingíodh siar an t-iarratas, níor cheart tópramasón a fhormheas.

(7) Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar iarratas eile a chur isteach maidir leis an tsubstaint ghníomhach tópramasón de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

---

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([3]) Cinneadh 2003/850/CE ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2003 lena n-aithnítear i bprionsabal iomláine na sainchomhad a cuireadh isteach le haghaidh mionscrúdú i dtaca leis an bhféidearthacht BAS 670H agus airgead tiasulfáite a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 322, 9.12.2003, lch. 28).

([4]) an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2014. Conclúid maidir le hathbhreithniú piaraí an mheasúnaithe riosca le haghaidh lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tópramasón. Irisleabhar EFSA 2014;12(2):3540, 82 pp. doi:10.2903/j.efsa.2014.3540.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Neamh-fhormheas na substainte gníomhaí

Ní fhormheastar an tsubstaint ghníomhach tópramasón.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/80 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

maidir le neamh-fhormheas dé-ocsaíde carbóin mar shubstaint bhunúsach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(5) i gcomhar le hAirteagal 13(2)

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Feabhra 2018, fuair an Coimisiún iarratas ó Dr. Knoell Consult GmbH maidir le dé-ocsaíd charbóin de ghrád bia (E 290) a fhormheas mar shubstaint bhunúsach (Uimh. CAS 124-38-9). San iarratas rinneadh tagairt d'úsáid mar thoitreán iarbhuainte i gcoinne feithidí agus fíneog.

(2) Tá dé-ocsaíd charbóin formheasta cheana féin mar shubstaint ghníomhaíoch le húsáid i dtáirgí cosanta plandaí ón 1 Meán Fómhair 2009 ([2]) agus áirítear í i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Faoi láthair tá dé-ocsaíd charbóin formheasta agus curtha ar an margadh mar tháirge cosanta plandaí i roinnt Ballstát. Tá sonraíocht chéannacht na substainte san iarratas ar fhormheas mar shubstaint bhunúsach comhionann le ceann na substainte gníomhaí formheasta.

(4) Cé go bhforáiltear leis an tríú fomhír go measfar gur substaint bhunúsach atá in earraí bia, in Airteagal 23(1)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 eisiatar formheas dé-ocsaíde carbóin de ghrád bia, mar nach féidir substaint a fhormheas mar shubstaint bhunúsach, i measc critéir eile, má chuirtear ar an margadh é mar tháirge cosanta plandaí. Maidir le dé-ocsaíd charbóin de ghrád bia, áfach, faoi láthair tá sí curtha ar an margadh mar tháirge cosanta plandaí.

(5) Tá an Rialachán seo gan dochar do chur isteach iarratais nua ar fhormheas dé-ocsaíde carbóin mar shubstaint bhunúsach i gcomhréir le hAirteagal 23(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 nuair a rachaidh an formheas atá ann faoi láthair le haghaidh dé-ocsaíd charbóin mar shubstaint bunúsach i léig agus nuair a bheidh na húdaruithe go léir do tháirgí cosanta plandaí ar dé-ocsaíd charbóin atá iontu tarraingthe siar nó dulta in éag.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní fhormheastar an tsubstaint dé-ocsaíd charbóin (E 290) mar shubstaint bhunúsach.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt substaintí gníomhacha a áireamh, (IO L 344, 20.12.2008, lch. 89).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 an 25 Bealtaine 2011 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de shubstaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/81 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

lena bhformheastar an tsubstaint bhunata eastóscán bleibe *Allium cepa* L. i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(5) i gcomhar le hAirteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Meán Fómhair 2018, fuair an Coimisiún iarratas ó *l'Institut de l'agriculture et de l'alimentation Biologique* (ITAB), chun eastóscán bleibe *Allium cepa* L. a fhormheas mar shubstaint bhunata. Bhí an fhaisnéis arna ceangal leis an dara fomhír d'Airteagal 23(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ag gabháil leis an iarratas sin.

(2) D'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") go gcuirfí cúnamh eolaíoch ar fáil dó. Thug an tÚdarás tuarascáil theicniúil don Choimisiún ar eastóscán bleibe *Allium cepa* L. an 12 Nollaig 2019 ([2]). Chuir an Coimisiún an tuarascáil maidir le hathbhreithniú ([3]) agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 18 Bealtaine 2020.

(3) Leis an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag an iarratasóir, léirítear go gcomhlíonann an t-eastóscán bleibe *Allium cepa* L. na critéir maidir le táirge bia mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Thairis sin, ní úsáidtear é chun críocha cosanta plandaí den chuid is mó ach is féidir an t-eastóscán a bheith úsáideach maidir le cosaint plandaí i dtáirge ina bhfuil an tsubstaint. Dá bharr sin, ba cheart é a mheas mar shubstaint bhunata.

(4) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus ar na doiciméid uile a bhaineann le hábhar, is féidir a bheith ag súil leis go sásófar, go ginearálta, leis an eastóscán bleibe *Allium cepa* L. na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, go háirithe maidir leis na húsáidí a ndearnadh scrúdú agus mionsonrú orthu sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú ón gCoimisiún. Is iomchuí, dá bhrí sin, an t-eastóscán bleibe *Allium cepa* L. a fhormheas mar shubstaint bhunata.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, is gá, mar sin féin, coinníollacha áirithe le haghaidh an fhormheasa a chur san áireamh.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2019. Tuarascáil theicniúil ar thoradh an chomhairliúcháin leis na Ballstáit agus le hEFSA a bhaineann leis an iarratas chun eastóscán bleibe *Allium cepa* a fhormheas mar shubstaint bhunata, is sin le rá eastóscán lena úsáid mar fhuingicíd i gcosaint plandaí le haghaidh prátaí, trátaí agus cúcamar. Foilseachán tacaíochta EFSA 2019:EN-1767. doi:10.2903/sp.efsa.2019.EN-1767.

([3]) Tuarascáil chríochnaitheach maidir le hathbhreithniú faoi shubstaint bhunata an eastóscáin bleibe *Allium cepa* L. arna tabhairt chun críche ag cruinniú an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 22 Deireadh Fómhair 2020 i bhfianaise eastóscán bleibe *Allium cepa* L. a fhormheas mar shubstaint bhunata i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 (SANTE/10842/2020 Rev2).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

(6) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([5]) a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas substainte bunata

Formheastar an tsubstaint eastóscán bleibe *Allium cepa* L., mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, mar shubstaint bhunata faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Céannachta	Ainm IUPAC	Íonacht [1]	Dáta formheasa	Forálacha sonracha
Eastóscán bleibe *Allium cepa* L. Uimh. CAS: neamh-leithdháilte Uimh. CIPAC: neamh-leithdháilte	Ní bhaineann le hábhar	Na bleibeanna oinniúin a úsáidfear chun na heastóscáin a ullmhú, beidh siad de cháilíocht bhia a chomhlíonann ceanglais na monagraf WHO i dtaca le plandaí íocshláinte roghnaithe (Imleabhar 1, an Ghinéiv, 1999) maidir le Bulbus *Allii Cepae*.	17.2.2021	Úsáidfear eastóscán bleibe *Allium cepa* L. i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha arna n-áireamh i gconclúidí na tuarascála maidir le hathbhreithniú ar eastóscán bleibe *Allium cepa* L. (SANTE/10842/2020 Rev2) agus go háirithe Aguisíní I agus II de.

[1] Tugtar sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú sonraí breise faoi chéannacht, faoi shonraíocht agus faoi mhodh úsáide na substainte bunata.

IARSCRÍBHINN II

I gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

Uimhir	Gnáthainm, Uimhreacha Céannachta	Ainm IUPAC	Íonacht [1]	Dáta formheasa	Forálacha sonracha
"23	Eastóscán bleibe *Allium cepa* L. Uimh. CAS: neamh-leithdháilte Uimh. CIPAC: neamh-leithdháilte	Ní bhaineann le hábhar	Na bleibeanna oinniúin a úsáidfear chun na heastóscáin a ullmhú, beidh siad de cháilíocht bhia a chomhlíonann ceanglais na monagraf WHO i dtaca le plandaí íocshláinte roghnaithe (Imleabhar 1, an Ghinéiv, 1999) maidir le Bulbus *Allii Cepae*.	17.2.2021	Úsáidfear eastóscán bleibe *Allium cepa* L. i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha arna n-áireamh i gconclúidí na tuarascála maidir le hathbhreithniú ar eastóscán bleibe *Allium cepa* L. (SANTE/10842/2020 Rev2) agus go háirithe Aguisíní I agus II de."

[1] Tugtar sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú sonraí breise faoi chéannacht, faoi shonraíocht agus faoi mhodh úsáide substainte bunata.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/82 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

lena n-údaraítear salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar foráil i Rialachán (AE) 2015/2283 nach féidir ach bianna núíosacha atá údaraithe agus atá curtha ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]) lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha atá údaraithe.

(3) An 31 Eanáir 2019, chuir an chuideachta Glycom A/S ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis ("6'-SL"), a fhaightear trí choipeadh miocróbach le tréithchineál géinmhodhnaithe de thréithchineál K12 DH1, *Escherichia coli*, a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach. D'iarr an t-iarratasóir go n-úsáidfear salann sóidiam 6'-SL mar bhia núíosach i dtáirgí bainne paistéartha neamhbhlaistithe agus táirgí bainne steirilithe neamhbhlaistithe, i dtáirgí bainnebhunaithe coipthe blaistithe agus i dtáirgí bainnebhunaithe coipthe neamhbhlaistithe lena n-áirítear táirgí teaschóireáilte, deochanna (deochanna blaistithe seachas deochanna ar lú ná 5 an pH iontu), barraí gránaigh, bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena gcaitheamh ag leanaí óga, bianna ionadacha ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, agus i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) atá beartaithe don phobal ginearálta, seachas naíonáin agus leanaí óga. Mhol an t-iarratasóir freisin nár cheart forbhianna ina bhfuil salann sóidiam 6'-SL a úsáid má chaitear bianna eile arna mbreisiú le salann sóidiam 6'-SL ar an lá céanna.

(4) An 31 Eanáir 2019, d'iarr an t-iarratasóir ar an gCoimisiún sonraí dílseánaigh le haghaidh roinnt staidéar a cuireadh isteach mar thaca leis an iarratas a chosaint, eadhon na tuarascála anailíseacha dílseánaigh ar an gcomparáid struchtúir trí athshondas maighnéadach núicléach ("AMN") 6'-SL arna tháirgeadh trí choipeadh baictéarach 6'-SL atá i mbainne daonna go nádúrtha ([5]); na sonraí tréithrithe mionsonraithe ar tháirgeadh tréithchineálacha baictéaracha ([6]) agus a ndeimhnithe ([7]); na sonraíochtaí le haghaidh na n-amhábhar agus na n-áiseanna próiseála ([8]);

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta bianna núíosacha an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

([4]) Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

([5]) Glykos Finland Teo. 2018 (nár foilsíodh).

([6]) Glycom 2019 (nár foilsíodh).

([7]) Glycom/DSMZ 2018 (nár foilsíodh).

([8]) Glycom 2019 (nár foilsíodh).

na deimhnithe anailísí ar bhaisceanna éagsúla salainn sóidiam 6'-SL ([9]); na modhanna anailíse agus na tuarascálacha bailíochtaithe ([10]); na tuarascálacha ar chobhsaíocht salainn sóidiam 6'-SL ([11]); an tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe ([12]); na deimhnithe creidiúnaithe saotharlainne ([13]); na tuarascálacha measúnachta ar iontógáil 6'-SL ([14]); tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach le salann sóidiam 6'-SL ([15]); tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach leis an gcomhdhúil ghaolta salann sóidiam 3'-siailiol-lachtóis ("3'-SL") ([16]); tástáil bhaictéarach ais-sócháin le salann sóidiam 6'-SL ([17]); tástáil bhaictéarach ais-sócháin le salann sóidiam 3'-SL ([18]); staidéar 14 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh nuabheirthe le salann sóidiam 6'-SL ([19]); staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh nuabheirthe le salann sóidiam 6'-SL lena n-áirítear tábla achoimre na mbarúlacha atá suntasach ó thaobh staitistice de ([20]); staidéar 14 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh nuabheirthe le salann sóidiam 3'-SL ([21]); agus staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh nuabheirthe le salann sóidiam 3'-SL lena n-áirítear tábla achoimre na mbarúlacha atá suntasach ó thaobh staitistice de ([22]).

(5) An 16 Bealtaine 2019, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú a dhéanamh ar shalann sóidiam 6'-SL mar bhia núíosach i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(6) An 23 Márta 2020, ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch "Safety of 6'-sialyllactose (6'-SL) sodium salt as a novel food pursuant to Regulation (EC) 2015/2283 " ([23]).["Sábháilteacht salainn sóidiam 6'-siailiol-lachtóis (6'-SL) mar bhia núíosach de bhun Rialachán (CE) 2015/2283"].

(7) Ina thuairim eolaíoch, chinn an tÚdarás go bhfuil salann sóidiam 6'-SL sábháilte, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, do na spriocghrúpaí atá beartaithe. Dá bhrí sin, leis an tuairim eolaíoch sin tugtar forais leordhóthanacha leis an mbarúil eolaíoch sin lena suí go gcomhlíonann salann sóidiam 6'-SL Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 nuair a úsáidtear é mar bhia núíosach i dtáirgí bainne paistéartha neamhbhlaistithe agus i dtáirgí bainne steirilithe neamhbhlaistithe, i dtáirgí bainnebhunaithe coipthe blaistithe agus i dtáirgí bainnebhunaithe coipthe neamhbhlaistithe, lena n-áirítear táirgí teaschóireáilte, deochanna (deochanna blaistithe seachas deochanna ar lú ná 5 an pH iontu), barraí gránaigh, bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena gcaitheamh ag leanaí óga, bianna ionadacha ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, agus i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE.

(8) Ina thuairim eolaíoch, mheas an tÚdarás nach mbeadh sé in ann teacht ar a chuid conclúidí maidir le sábháilteacht salainn sóidiam 6'-SL murach na sonraí ó na tuarascála anailíseacha dílseánaigh ar an gcomparáid struchtúir trí AMN 6'-SL arna tháirgeadh trí choipeadh baictéarach le 6'-SL atá i mbainne daonna go nádúrtha; na sonraí tréithrithe mionsonraithe ar tháirgeadh tréithchineálacha baictéaracha agus a ndeimhnithe; na sonraíochtaí le haghaidh na n-amhábhar agus na n-áiseanna próiseála; na deimhnithe anailísí ar bhaisceanna éagsúla salainn sóidiam 6'-SL; na modhanna anailíse agus na tuarascálacha bailíochtaithe; na tuarascálacha ar chobhsaíocht salainn sóidiam 6'-SL; an tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe; na deimhnithe creidiúnaithe saotharlainne, na tuarascálacha measúnachta ar iontógáil 6'-SL; an tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach le salann sóidiam 6'-SL; an tástáil bhaictéarach ais-sócháin le salann sóidiam 6'-SL; an staidéar 14 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh nuabheirthe le salann sóidiam 6'-SL; agus an staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh nuabheirthe le salann sóidiam 6'-SL lena n-áirítear tábla achoimre na mbarúlacha atá suntasach ó thaobh staitistice de.

([9]) Glycom 2019 (nár foilsíodh).
([10]) Glycom 2019 (nár foilsíodh).
([11]) Glycom 2019 (nár foilsíodh).
([12]) Glycom 2018 (nár foilsíodh).
([13]) Glycom 2019 (nár foilsíodh).
([14]) Glycom 2019 (nár foilsíodh).
([15]) Gilby 2018 (nár foilsíodh).
([16]) Gilby 2019 (nár foilsíodh).
([17]) Šoltésová, 2018a (nár foilsíodh).
([18]) Šoltésová, 2018b (nár foilsíodh)
([19]) Flaxmer 2018a (nár foilsíodh).
([20]) Flaxmer 2018b (nár foilsíodh).
([21]) Stannard 2019a (nár foilsíodh).
([22]) Stannard 2019b (nár foilsíodh).
([23]) Iris EFSA 2020;18(5):6097

(9) Tar éis dó an tuairim eolaíoch ón Údarás a fháil, d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir soiléiriú breise a thabhairt maidir leis an réasúnú a cuireadh ar fáil i dtaca lena n-éileamh dílseánaigh ar na tuarascála anailíseacha ar an gcomparáid struchtúir trí athshondas maighnéadach núicléach ("AMN") 6'-SL arna tháirgeadh trí choipeadh baictéarach 6'-SL atá i mbainne daonna go nádúrtha; na sonraí tréithrithe mionsonraithe ar tháirgeadh tréithchineálacha baictéaracha agus a ndeimhnithe; na sonraíochtaí le haghaidh na n-amhábhar agus na n-áiseanna próiseála; na deimhnithe anailísí ar bhaisceanna éagsúla salainn sóidiam 6'-SL; na modhanna anailíse agus na tuarascálacha bailíochtaithe; na tuarascálacha ar chobhsaíocht salainn sóidiam 6'-SL; an tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe; na deimhnithe creidiúnaithe saotharlainne; na tuarascálacha measúnachta ar iontógáil 6'-SL; an tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach le salann sóidiam 6'-SL; an tástáil bhaictéarach ais-sócháin le salann sóidiam 6'-SL; an staidéar 14 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh nuabheirthe le salann sóidiam 6'-SL; agus an staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh nuabheirthe le salann sóidiam 6'-SL lena n-áirítear tábla achoimre na mbarúlacha atá suntasach ó thaobh staitistice de, agus soiléiriú a thabhairt maidir lena n-éileamh ar an gceart eisiach ar an tagairt do na staidéir, dá dtagraítear in Airteagal 26(2)(b) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(10) Dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh cearta dílseánaigh agus eisiacha tagartha ar na staidéir acu faoin dlí náisiúnta tráth déanta an iarratais agus dá bhrí sin nach mbeadh tríú páirtithe in ann rochtain dhlíthiúil a fháil ar na staidéir sin ná iad a úsáid.

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis uile a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus mheas sé go raibh bunús leordhóthanach tugtha ag an iarratasóir gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá bhrí sin, maidir leis na sonraí atá i gcomhad an iarratasóra, sonraí ba bhonn don Údarás chun sábháilteacht an bhia núíosaigh a dheimhniú agus teacht ar a chuid conclúidí maidir le sábháilteacht salainn sóidiam 6'-SL, agus nach mbeadh an tÚdarás in ann an bia núíosach a mheasúnú dá uireasa, níor cheart don Údarás na sonraí sin a úsáid chun tairbhe aon iarratasóra ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá réir sin, ba cheart cur ar an margadh salainn sóidiam 6'-SL laistigh den Aontas a bheith srianta don iarratasóir ar feadh na tréimhse sin.

(12) Mar sin féin, i dtaca le srianadh údarú salainn sóidiam 6'-SL agus na tagartha do na sonraí atá i gcomhad an iarratasóra agus atá le húsáid ag an iarratasóir amháin, ní chuirfear cosc leis sin ar iarratasóirí cur isteach ar údarú chun an bia núíosach céanna a chur ar an margadh, ar choinníoll go bhfuil a n-iarratas bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas go dlíthiúil agus atá ina taca leis an údarú sin faoi Rialachán (AE) 2015/2283.

(13) I gcomhréir le coinníollacha úsáide forbhianna ina bhfuil salann sóidiam 6'-SL mar atá molta ag an iarratasóir agus mar atá measúnaithe ag an Údarás, tá sé riachtanach tomhaltóirí a chur ar an eolas trí bhíthin lipéad iomchuí nár cheart forbhianna ina bhfuil salann sóidiam 6'-SL a chaitheamh ar an lá céanna le bianna eile arna mbreisiú le sóidiam 6'-SL.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Áireofar salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis ("6'-SL"), mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, i liosta an Aontais de bhianna núíosacha atá údaraithe arna bhunú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

2. Go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, an t-iarratasóir tosaigh amháin:

Cuideachta: Glycom A/S;

Seoladh: Kogle Allé 4, DK-2970 Hørsholm, an Danmhairg,

atá údaraithe an bia núíosach dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an margadh laistigh den Aontas, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh sin gan tagairt do na sonraí arna gcosaint de bhun Airteagal 2 nó le comhaontú ón iarratasóir tosaigh.

3. Áireofar leis an iontráil i liosta an Aontais dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha úsáide agus na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Na sonraí atá sa chomhad iarratais, sonraí arb iad an bonn ar a ndearna an tÚdarás salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis a mheas, agus ar mhaígh an t-iarratasóir go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283, ní úsáidfear na sonraí sin chun tairbhe aon iarratasóra ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo gan comhaontú an iarratasóra.

Airteagal 3

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in ord aibítre:

"'Bia núíosach údaraithe	**Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid**		**Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise**	**Ceanglais eile**	**Cosaint Sonraí**
Salann sóidiam 6'-siail-iol-lachtóis (6'-SL) (foinse mhiocróbach)	***Catagóir shonraithe bhia***	***Uasleibhéil (arna sloinneadh mar 6'-siailiol-lachtós)***	Is é "salann sóidiam 6'-Siailiol-lachtóis" ainmniú an bhia núíosaigh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu. Ar lipéadú na bhforbhianna ina bhfuil salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis (6'-SL), beidh ráiteas ina luafar na cásanna nár cheart iad a chaitheamh: a) sa chás go gcaitear bianna eile ina bhfuil salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis ar an lá céanna. b) sa chás gur naíonáin agus leanaí óga atá á gcaitheamh		Arna údarú an 17 Feabhra 2021. Tá an t-áireamh sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus sonraí eolaíocha dílseánaigh atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283. Iarratasóir: Glycom A/S, Kogle Allé 4, DK-2970 Hørsholm, an Danmhairg. Is é Glycom A/S amháin atá údaraithe chun salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh nó do na sonraí eolaíocha arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó Glycom A/S.
	Táirgí bainne paistéartha neamhbhlaistithe agus táirgí bainne steirilithe neamhbhlaistithe (lena n-áirítear UTC)	0,5 g/L			
	Táirgí coipthe neamhbhlaistithe bainnebhunaithe	0,5 g/L (deochanna)			
		2,5 g/kg (táirgí nach deochanna iad)			
	Táirgí bainne coipthe blaistithe, lena n-áirítear táirgí teaschóireáilte	0,5 g/L (deochanna)			
		5,0 g/kg (táirgí seachas deochanna)			
	Deochanna (deochanna blaistithe, seachas deochanna ar lú ná 5 an pH iontu)	0,5 g/L			
	Barraí gránaigh	5,0 g/kg			
	Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	0,4 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, a mhargaítear ar an mbonn sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			
	Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	0,3 g/L sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, a mhargaítear ar an mbonn sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			
	Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	0,3 g/L (deochanna) sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, a mhargaítear ar an mbonn sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			
		2,5 g/kg le haghaidh táirgí seachas deochanna			

	Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena gcaitheamh ag leanaí óga	0,3 g/L (deochanna) sa táirge deiridh atá réidh le húsáid, a mhargaítear ar an mbonn sin nó a athbhunaítear de réir mar a threoraíonn an monaróir			Dáta deiridh na cosanta sonraí: 17 Feabhra 2026.'"
	Bianna ionadacha ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	1,0 g/L (deochanna)			
		10,0 g/kg (táirgí seachas deochanna)			
	Bia chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	I gcomhréir le ceanglais shonracha chothaithe na ndaoine a gceaptar na táirgí dóibh			
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, seachas forbhianna le haghaidh naíonán agus leanaí óga	1,0 g/lá			

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in ord aibítre:

"Bia Núíosach Údaraithe	Sonraíocht
Salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis ('6'-SL') (foinse mhiocróbach)	**Tuairisc:** Is púdar nó ceirtleán idir bán agus neasbhán é salann sóidiam 6'-Siailiol-lachtóis ('6'-SL') a tháirgtear trí phróiseas miocróbach agus ina bhfuil leibhéil theoranta lachtóis, 6'-siailil-lachtúlóis, agus aigéid shialaigh. **Foinse:** Tréithchineál géinmhodhnaithe de thréithchineál *Escherichia coli*, K-12 DH1 **Sainmhíniú:** Foirmle cheimiceach: $C_{23}H_{38}NO_{19}Na$ Ainm ceimiceach: Salann sóidiam N-aicéitil-α-D-néaraimínil-(2→6)-β-D-galachtaipioranóisil-(1→4)-D-glúcóis Mais mhóilíneach: 655,53 Da Uimh. CAS 157574-76-0 **Saintréithe/Comhdhéanamh:** Cuma: Púdar nó ceirtleán idir bán agus neasbhán Suim salainn sóidiam 6'-siailiol-lachtóis, D-Lachtós agus aigéid shialaigh (% d'ábhar tirim): ≥ 94,0 % (meáchan/meáchan) Salann sóidiam 6'-siailiol-lachtóis (% d'ábhar tirim): ≥ 90,0 % (meáchan/meáchan) D-Lachtós: ≤ 5,0 % (meáchan/meáchan) Aigéad sialach: ≤ 2,0 % (meáchan/meáchan) 6'-siailil-lachtúlós: ≤ 3,0 % (meáchan/meáchan) Suim na gcarbaihiodráití eile: ≤ 3,0 % (meáchan/meáchan) Taisleach: ≤ 6,0 % (meáchan/meáchan) Sóidiam: 2,5 – 4,5 % (meáchan/meáchan) Clóiríd: ≤ 1,0 % (meáchan/meáchan) pH (20 °C, tuaslagán 5 %): 4,5 -6,0 Próitéin iarmharach: ≤ 0,01 % (meáchan/meáchan) **Critéir mhicribhitheolaíocha:** Áireamh iomlán na gcoilíneachtaí baictéar aeróbach méisifileach: ≤ 1 000 CFU/g *Enterobacteriaceae*: ≤ 10 CFU/g *Salmonella* sp.: Neamhláithreacht in 25 g Giosta: ≤ 100 CFU/g Múscán: ≤ 100 CFU/g Iontocsainí iarmharacha: ≤ 10 EU/mg

CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta; EU: Aonaid Iontocsaine"

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/83 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha atá údaraithe go sonrach rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh agus le tréimhse chur i bhfeidhm na mbeart sealadach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]) agus go háirithe Airteagal 141(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/625 rialacha maidir le, *inter alia*, déanamh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochta oifigiúla eile ag údaráis inniúla na mBallstát. Chomh maith leis sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún na bearta sealadacha is gá a ghlacadh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, chun rioscaí do shláinte an duine, ainmhithe agus plandaí agus do leas ainmhithe a shrianadh, i gcás ina bhfuil fianaise aige ar bhriseadh tromchúiseach i gcóras rialaithe Ballstáit.

(2) Chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca sonracha atá ann i ngeall ar an ngéarchéim reatha a bhaineann le galar an choróinvíris (COVID-19), faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 ón gCoimisiún ([2]) is féidir leis na Ballstáit bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochta oifigiúla eile.

(3) Chuir na Ballstáit in iúl don Choimisiún, i bhfianaise na géarchéime a bhaineann le COVID-19, nach réiteofar roimh an 1 Feabhra 2021 bristeacha tromchúiseacha áirithe i bhfeidhmiú a gcóras rialaithe, deacrachtaí ó thaobh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh ar dheimhnithe oifigiúla agus ar fhianuithe oifigiúla maidir le gluaiseachtaí ainmhithe agus earraí isteach san Aontas agus laistigh den Aontas, agus deacrachtaí ó thaobh cruinnithe fisiciúla a eagrú le hoibreoirí agus lena bhfoireann i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla.

(4) Chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas freisin faoi bhristeacha eile a bhaineann leis an gcumas baill foirne iomchuí a imscaradh, mar a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2017/625, i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile.

(5) Chun aghaidh a thabhairt ar na bristeacha tromchúiseacha sin, bristeacha ar dócha go leanfaidh siad de bheith ann sna míonna atá romhainn, agus chun pleanáil agus déanamh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a éascú le linn na géarchéime a bhaineann le COVID-19, ba cheart an deis a thabhairt isteach arís cúram rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochta oifigiúla eile a chur ar dhaoine nádúrtha atá údaraithe go sonrach, mar a leagadh síos roimhe seo i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 go dtí an 1 Lúnasa 2020, agus ba cheart síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 go dtí an 1 Iúil 2021.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 a leasú dá réir.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 ón gCoimisiún an 30 Márta 2020 maidir le bearta sealadacha chun rioscaí do shláinte an duine, ainmhithe agus plandaí agus do leas ainmhithe a shrianadh le linn bristeacha tromchúiseacha i gcórais rialaithe na mBallstát de bharr ghalar an choróinvíris (COVID-19) (IO L 98, 31.3.2020, lch. 30).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/466 mar a leanas:

(1) cuirtear Airteagal 3 isteach mar a leanas:

"Airteagal 3

Féadfaidh duine nádúrtha amháin nó níos mó rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh go heisceachtúil, ar daoine nádúrtha iad atá údaraithe go sonrach ag an údarás inniúil ar bhonn a gcáilíochtaí, a n-oiliúna agus a dtaithí phraiticiúil agus atá i dteagmháil leis an údarás inniúil trí mheán aon mhodh cumarsáide atá ar fáil agus a bhfuil sé de cheangal orthu treoracha an údaráis inniúil a leanúint chun na rialuithe oifigiúla sin agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh. Gníomhóidh na daoine sin go neamhchlaonta agus beidh siad saor ó aon choinbhleacht leasa a mhéid a bhaineann leis na rialuithe oifigiúla agus le gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanann siad."

(2) sa dara mír d'Airteagal 6, cuirtear "1 Iúil 2021" in ionad an dáta "1 Feabhra 2021".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Feabhra 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/84 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Eanáir 2021

lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint don togra ó rialtas na hEastóine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Nollaig 2019, an 20 Eanáir 2020, an 3 Feabhra 2020 agus an 26 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinntí (AE) 2019/2157 ([1]), (AE) 2020/102 ([2]), (AE) 2020/144 ([3]) agus (AE) 2020/511 ([4]) faoi seach, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 8 Meitheamh 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/766 ([5]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 1 Feabhra 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 30 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1153 ([6]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún.

(2) Tá suíochán duine de chomhaltaí Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis bhás Mikk PIKKMETS.

(3) Beidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis cheapadh Andres JAADLA ina chomhalta de Choiste na Réigiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Mr Andres JAADLA, Representative of a local body with political accountability to an elected Assembly: *Rakvere City Council*.

agus

([1]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

([2]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

([3]) Cinneadh (AE) 2020/144 ón gComhairle an 3 Feabhra 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 32, 4.2.2020, lch. 16).

([4]) Cinneadh (AE) 2020/511 ón gComhairle an 26 Márta 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 113, 8.4.2020, lch. 18).

([5]) Cinneadh (AE) 2020/766 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 1 Feabhra 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 187, 12.6.2020, lch. 3).

([6]) Cinneadh (AE) 2020/1153 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún (IO L 256, 5.8.2020, lch. 12).

(b) mar chomhalta malartach:

— Ms Varje TIPP, Representative of a local body with political accountability to an elected Assembly: *Pärnu City Council*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Eanáir 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/85 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2021

maidir leis an gcoibhéis idir ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus creat rialála Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le contrapháirtithe lárnacha a dhéanann an *U.S. Securities and Exchange Commission* a údarú agus a mhaoirsiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do chontrapháirtithe lárnacha ("CPLanna") atá bunaithe i dtríú tíortha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, is é is aidhm dó a cheadú do CPLanna atá bunaithe agus údaraithe i dtríú tíortha a bhfuil a gcaighdeáin rialála coibhéiseach leo sin a leagtar síos sa Rialachán sin, a cheadú dóibh seirbhísí imréitigh a sholáthar do chomhaltaí imréitigh nó d'ionaid trádála atá bunaithe san Aontas. Dá bhrí sin, leis an nós imeachta sin maidir le haitheantas a thabhairt agus leis na cinntí coibhéise dá bhforáiltear ann, rannchuidítear le haidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach, mar atá an riosca sistéimeach a laghdú, tríd an úsáid a bhaintear as CPLanna sábháilte fónta a leathnú amach chun conarthaí díorthacha thar an gcuntar a imréiteach, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil na CPLanna sin bunaithe agus údaraithe i dtríú tír.

(2) Chun go measfaí córas dlí tríú tír a bheith coibhéiseach le córas dlí an Aontais i ndáil le CPLanna, ba cheart toradh substainteach na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme a bheith coibhéiseach le ceanglais an Aontais i ndáil leis na cuspóirí rialála a mbaintear amach leis na socruithe sin. Dá bhrí sin, is é is aidhm don mheasúnú coibhéise sin a fhíorú an áirithítear le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta an tríú tír lena mbaineann nach ndéanann na CPLanna atá bunaithe agus údaraithe ansin comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a fhágáil ar neamhchosaint ar leibhéal riosca is airde ná an leibhéal ar a bhféadfadh CPLanna atá údaruithe san Aontas iad a fhágáil ar neamhchosaint agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéil riosca sistéimigh leo atá doghlactha san Aontas.

(3) Dá bhrí sin, an measúnú an bhfuil socruithe dlíthiúla agus maoirseachta Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) coibhéiseach le socruithe an Aontais, ba cheart é a bhunú ní hamháin ar anailís chomparáideach ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí, ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le CPLanna i SAM, ach ina theannta sin ar mheasúnú ar thoradh na gceanglas sin, agus ar a leordhóthanacht maidir leis na rioscaí a mhaolú ar a bhfhéadfadh comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a bheith ar neamhchosaint.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta tríú tír maidir le CPLanna atá údaraithe inti, is gá trí choinníoll a chomhlíonadh chun a chinneadh go bhfuil siad coibhéiseach leis na socruithe a leagtar síos sa Rialachán sin.

(5) De réir an chéad choinníll, ní mór do CPLanna atá údaraithe i dtríú tír ceanglais a chomhlíonadh atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

(6) Is é an U.S. Securities and Exchange Commission ("SEC") an t-údarás inniúil maidir le CPLanna a údarú agus a mhaoirsiú i ndáil le hidirbhearta in urrúis agus i gconarthaí díorthacha atá bunaithe ar urrús aonair, ar iasacht aonair, nó ar ghrúpa nó innéacs caolbhunaithe urrús ("díorthaigh urrús-bhunaithe"). Dá bhrí sin, na conarthaí díorthacha a thagann faoi inniúlacht SEC, comhfhreagraíonn siad d'fhothacar de na conarthaí díorthacha a chumhdaítear leis na forálacha maidir le CPLanna a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Is faoi inniúlacht an U.S. Commodity Futures Trading Commission ("CFTC") a thagann conarthaí díorthacha eile, rud ar ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/377 ón gCoimisiún ([2]) i ndáil leis cheana. Dá bhrí sin, is le coibhéis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme i SAM maidir CPLanna a ndéanann SEC maoirseacht orthu a bhaineann an measúnú atá i gceist, agus ní le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta maidir le CPLanna a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh a thagann faoi inniúlacht CFTC. Dá bhrí sin, i gcás ina ndéanann SEC agus CFTC araon maoirseacht ar CPL, níor cheart go mbainfeadh an Cinneadh seo leis an CPL sin ach a mhéid a sholáthraíonn sé seirbhísí imréitigh a thagann faoi inniúlacht SEC.

(7) Na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus a bhfuil feidhm acu i SAM maidir le CPLanna a dhéanann SEC a mhaoirsiú, leagtar amach iad sna rialacha is infheidhme maidir le "gníomhaireachtaí imréitigh' atá sa Securities Exchange Act of 1934 ([3]) (Acht 1934 um Mhalartú Urrús, "an tAcht um Mhalartú"), sa Dodd-Frank Wall Street Reform and Consumer Protection Act ([4]) (Acht Dodd-Frank um Wall Street a Athchóiriú agus Cosaint Tomhaltóirí, "Acht Dodd-Frank") agus sna rialacháin a ghlac SEC faoi na hachtanna sin. Thairis sin, na rialacha, na beartais agus na nósanna imeachta maidir le CPLanna a chláraigh SEC, tá siad ceangailteach ar an CCP ó thaobh dlí. An 1 Deireadh Fómhair 2020, d'eisigh SEC Tuarascáil Foirne ina ndéantar cur síos ar na rialacha is infheidhme agus an fheidhm atá acu maidir le CPLanna a ndéanann SEC maoirseacht orthu ([5]).

(8) Is é sainmhíniú SEC ar CPLanna gur gníomhaireachtaí imréitigh iad a idirchuireann iad féin idir contrapháirtithe, ag gníomhú dóibh mar cheannaitheoir do gach díoltóir agus mar dhíoltóir do gach ceannaitheoir. I Roinn 23(A) den Securities Exchange Act of 1934, sainmhínítear an téarma "gníomhaireacht imréitigh" mar aon duine a ghníomhaíonn mar idirghabhálaí i ndéanamh íocaíochtaí nó seachadtaí, nó i ndéanamh an dá rud, i ndáil le hidirbhearta in urrúis, nó aon duine a sholáthraíonn saoráidí chun comparáid a dhéanamh idir sonraí maidir le téarmaí socraíochta idirbheart urrús, ionas go laghdaítear an líon socraíochtaí is cuid d'idirbhearta urrús, nó saoráidí chun freagrachtaí socraíochta urrús a leithdháileadh.

(9) Féadfaidh SEC gníomhaireachtaí imréitigh a ainmniú mar ghníomhaireachtaí imréitigh a bhfuil próifíl riosca níos casta acu. CPL a imréitíonn babhtálacha urrúsbhunaithe, meastar i gcónaí go bhfuil próifíl riosca níos casta aige. Thairis sin, an Financial Stability Oversight Council (Comhairle Maoirseachta na Cobhsaíochta Airgeadais), féadfaidh sé CPL a ainmniú mar CPL a bhfuil tábhacht shistéamach leis de bhun Acht Dodd-Frank. Na CPLanna sin a bhfuil próifíl riosca níos casta acu nó a bhfuil tábhacht shistéamach leo, meastar gur "gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe" iad. An creat feabhsaithe a leagtar síos i Riail SEC 17Ad-22(d) agus (e), tá feidhm aige maidir leis na CPLanna sin. Ceanglais na Stát Aontaithe atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhfuil feidhm acu maidir le CPLanna agus nach mór dóibh na rialacha feabhsaithe sin a chomhlíonadh, ní bhaineann an Cinneadh seo ach lena gcoibhéis siúd.

(10) De réir an Achta um Malartú, Acht Dodd-Frank agus rialacháin SEC, CPL a imréitíonn urrúis nó díorthaigh urrúsbhunaithe, rud a dtagraítear dó san acht sin mar bhabhtálacha urrúsbhunaithe, ceanglaítear air clárú le SEC nó díolúine a lorg ó chlárú.

(11) Na ceanglais a leagtar síos san Acht um Mhalartú, ní fhorordaítear uirlisí ná socruithe sonracha san acht céanna maidir le conas iad a bhaint amach. Na saintréithe agus na sainchúinsí atá ag CPL, ar nós a chuid struchtúr úinéireachta agus rialachais, a chuid éifeachtaí ar rannpháirtithe díreacha agus indíreacha, cineál a mball, na margaí ar a bhfreastlaíonn sé agus na rioscaí a bhaineann leis na táirgí a imréitíonn sé, cé gur féidir le CPL iad sin a chur san áireamh agus a chuid rialacha agus nósanna imeachta á leagan síos aige, ní mór do na rialacha agus na nósanna imeachta sin sonraí saintreoracha a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos san Acht um Mhalartú. Tar éis do SEC iad a chlárú, na rialacha, na beartais agus na nósanna imeachta a fhormheasann SEC, beidh siad ceangailteach ó thaobh dlí ar an CPL.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/377 ón gCoimisiún an 15 Márta 2016 maidir leis an gcoibhéis idir creat rialála Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le contrapháirtithe lárnacha a dhéanann an Commodity Futures Trading Commission a údarú agus a mhaoirsiú agus ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2016, lch. 32).

([3]) Roinn 3(a)(23) agus 17A.

([4]) Teidil VII agus VIII.

([5]) Staff Report on the Regulation of Clearing Agencies by Division of Trading and Markets Office of Compliance Inspections and Examinations, https://www.sec.gov/files/regulation-clearing-agencies-100120.pdf.

(12) A luaithe a chláraíonn SEC é, déantar "eagraíocht féinrialála" den CPL faoi Roinn 3(a)26 den Acht um Malartú agus ní mór dó, dá réir sin, aon athrú rialach a chomhdú le SEC lena fhormheas. Fíoróidh SEC go bhfuil an t-athrú rialach atá beartaithe comhsheasmhach leis na caighdeáin a leagtar síos san Acht um Malartú agus i rialacháin SEC.

(13) Na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí i SAM i ndáil le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, is struchtúr dhá shraith atá iontu. Is éard atá sa chéad sraith na rialacha agus na ceanglais phríomhúla a leagtar síos i Roinn 3a(23) agus 17A den Acht um Malartú, i dTeidil VII agus VIII do Acht Dodd-Frank, agus i rialacháin SEC, go háirithe Riail 17Ad-22 ("rialacha príomhúla"). Is éard atá sa dara sraith rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna sin, nithe a bhíonn ceangailteach ó thaobh dlí ar na CPLanna a luaithe a chláraíonn SEC iad agus, dá bhrí sin, ar cuid iad de na rialacha a ndéanann SEC maoirseacht ar a gcomhlíonadh. Agus é á mheas ag an gCoimisiún an gcomhlíonann CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, an gcomhlíonann siad ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ní mór dó breithniú a dhéanamh ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí a leagtar síos i rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna sin, agus breithniú a dhéanamh ina theannta sin ar na ceanglais a leagtar síos san Acht um Mhalartú, in Acht Dodd-Frank agus i rialacháin SEC.

(14) Chun go gcláróidh SEC é, CPL atá cáilithe mar ghníomhaireacht imréitigh cumhdaithe, agus na rialacha inmheánacha atá aige, ní mór dóibh na caighdeáin ardleibhéil a leagtar amach sna rialacha príomhúla a shásamh. Na ceanglais sin, agus iad comhlánaithe ag rialacha agus nósanna imeachta an CPL, bíonn torthaí substainteachta orthu atá coibhéiseach le héifeachtaí na rialacha a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Go háirithe, CPL atá cáilithe mar ghníomhaireacht imréitigh cumhdaithe, ní mór dó ceanglais a chomhlíonadh i ndáil lena struchtúr agus a rialacha eagraíochtúla chun imréiteach agus socraíocht chruinn phras na n-urrús agus na gcistí atá faoina rialú, chomh maith lena gcoimirciú, chun an méid sin a áirithiú, agus chun cosaint infheisteoirí agus cosaint leas an phobail a áirithiú; leis na ceanglais sin, áirítear ceanglais ar nós iad sin a bhaineann leis an mbainistíocht shinsearach, bainistiú riosca agus sásraí rialaithe inmheánaigh, taifid a choimeád, sealúchais cháilitheacha, faisnéis a tharchuirtear chuig an údarás inniúil, coimhlintí leasa, an leanúnachas gnó, an seachfhoinsiú, déanamh gnó, agus an leithscaradh, chomh maith leo sin a bhaineann leis an riosca leachtachta, an chomhthaobhacht, an beartas infheistíochta, agus an riosca socraíochta. Baineann ceanglais eile leis na coinníollacha rannpháirtíochta agus le táillí, agus leis na rialacha maidir le sáruithe a dhéanann rannpháirtithe ar rialacha an CPL a smachtú.

(15) Mar sin féin, na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus is infheidhme maidir le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, tá roinnt gnéithe díobh éagsúil leis na rialacha i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(16) Ar an gcéad dul síos, leis na rialacha príomhúla i ndáil le rioscaí leachtachta ní cheanglaítear ar CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe acmhainní leachtachta incháilithe a choimeád chun an "prionsabal cumhdaigh péire" a leagtar síos in Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a chomhlíonadh, is é sin an dá chomhalta imréitigh is mó a bhfuil CPL neamhchosanta orthu, acmhainní leachtachta a bheith aige chun mainneachtain an dá chomhalta sin a chumhdach ar a laghad. Mar sin féin, sna Stáit Aontaithe, CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, ceanglaítear orthu nósanna imeachta a chur ar bun chun aon easnamh leachtachta neamhchumhdaithe a chumhdach, rud lena n-áirithítear go mbeidh acmhainní saintiomanta ar fáil i gcás ina sáróidh caillteanais mainneachtain an chomhalta imréitigh is mó a bhfuil an CPL neamhchosanta air. Ina theannta sin, leis na rialacha príomhúla ceanglaítear ar CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh an "prionsabal cumhdach péire" a chur i bhfeidhm i gcás ina n-imréitíonn siad díorthaigh urrúsbhunaithe. Cé gur cur chuige difriúil é sin seachas an 'prionsabal cumhdaigh péire' a leagtar síos in 42, 43 agus 44 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, na rialacha príomhúla i dteannta le rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna, bíonn torthaí substainteacha orthu atá coibhéiseach le héifeachtaí an "phrionsabail cumhdaigh péire" a leagtar síos i rialacha an Aontais.

(17) Ar an dara dul síos, ní dhéantar foráil sna rialacha príomhúla maidir le híostréimhse leachtaithe. Mar sin féin, na CPLanna ar fad atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, cuireann siad íostréimhsí leachtaithe i bhfeidhm a mhaireann idir 2 lá agus 5 lá i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta inmheánacha. I rialacha an Aontais leagtar amach íostréimhse leachtaithe 2 lá le haghaidh conarthaí díorthacha nach le díorthaigh thar an gcuntar a bhaineann siad, agus íostréimhse leachtaithe 5 lá le haghaidh conarthaí díorthacha thar an gcuntar, agus is ar bhonn glanluachála a bhailítear an éarlais de ghnáth. Dá bhrí sin, na torthaí substainteacha a bhíonn ar rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna, tá siad coibhéiseach le héifeachtaí rialacha an Aontais maidir le tréimhsí leachtaithe.

(18) Ar an tríú dul síos, ceanglaítear le dlí an Aontais go gcuirtear ceann amháin ar a laghad de thrí bheart frith-chomh-thimthriallachta i bhfeidhm chun a áirithiú nach dtitfidh éarlaisí tosaigh ró-íseal le linn tréimhsí cobhsaí eacnamaíocha agus nach dtiocfaidh méadú orthu go rite le linn tréimhsí struis. Agus sin á dhéanamh leo, is é an toradh a bhíonn ar na bearta sin go mbíonn éarlais cobhsaí coimeádacha ann. Níl aon cheanglas sonrach den sórt sin sna rialacha príomha. Mar sin féin, CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, tá rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm acu lena mbaineann éifeachtaí frith-chomh-thimthriallacha. Dá bhrí sin, na torthaí substainteacha a bhíonn ar rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna, tá siad coibhéiseach le héifeachtaí rialacha an Aontais maidir leis an bhfrith-chomh-thimthriallacht.

(19) Ar deireadh, maidir le leithscaradh agus iniomparthacht suíomhanna agus comhthaobhachta de chuid cliaint comhaltaí imréitigh, ceanglaítear le Riail 17Ad-22(e)(14) go ndéantar le rialacha, beartais agus nósanna imeachta CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh atá cumhdaithe, go ndéantar leo suímh de chuid cliant comhaltaí imréitigh agus an chomhthaobhacht a bhaineann leis na suímh, a áirithiú gur slán dá leithscaradh agus dá n-iniomparthacht, agus iad a chosaint ar mhainneachtain nó leachtacht an chomhalta imréitigh sin i gcás ina n-imréitíonn na CPLanna sin díorthaigh urrúsbhunaithe nó ina bhfuil próifíl riosca níos casta acu – de bhrí go gceanglaítear amhlaidh léi, is Riail í sin lena mbaineann cur chuige is cosúil leis na rialacha i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. I gcás urrús airgid agus roghanna liostaithe, áfach, braitheann na rialacha príomhúla ar na rialacha is infheidhme maidir leis na comhaltaí imréitigh. Sna margaí sin, na rialacha is infheidhme maidir le comhaltaí imréitigh, áirithítear leo cheana an leibhéal iomchuí leithscartha agus iniomparthachta agus, dá bhrí sin, déantar suímh agus comhthaobhacht na gcliant a chosaint go leordhóthanach. Cé gur cur chuige éagsúil é sin maidir leis an leithscaradh agus iniomparthacht agus gur le leibhéal na gcomhaltaí imréitigh a bhaineann sé, seachas le leibhéal an CPL, an toradh a bhíonn ar an dá chur chuige maidir le cosaint cliant, is cosúil le chéile iad.

(20) Dá bhrí sin, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta na Stát Aontaithe is infheidhme maidir le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, ba cheart a mheas go bhfuil siad coibhéiseach, ar choinníoll go gcomhlíonann rialacha agus nósanna imeachta CPL atá ag cur isteach ar aitheantas, go gcomhlíonann sé ceanglais áirithe i ndáil le bainistiú riosca. Go háirithe, ba cheart do CPL tréimhse leachtaithe 2 lá a chur i bhfeidhm i ndáil le conarthaí díorthacha nach le díorthaigh thar an gcuntar a bhaineann siad, agus tréimhse leachtaithe 5 lá a chur i bhfeidhm i ndáil le conarthaí díorthacha thar an gcuntar, agus sin a dhéanamh ar bhonn glanluachála sa dá chás. Thairis sin, ba cheart don CPL bearta a chur i bhfeidhm atá ceaptha chun an chomh-thimthriallacht a theorannú, bearta atá coibhéiseach le haon cheann de na trí bheart a leagtar amach faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le héarlaisí cobhsaí coimeádacha a chur ar fáil.

(21) Na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta de chuid SEC is infheidhme maidir le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe agus arb éard atá iontu na ceanglais a leagtar síos san Acht um Mhalartú, in Acht Dodd-Frank, i Rialacháin SEC, agus i rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha na CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, chinn an Coimisiún gur ceart na socruithe sin a mheas mar cheanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, a mhéid a chomhlíonann siad na caighdeáin a leagtar amach sa Chinneadh seo i ndáil le bainistiú riosca.

(22) Ní fhéadfaidh a bheith incháilithe le haghaidh aitheantas ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ach CPLanna a dhéanann na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe agus na caighdeáin maidir le bainistiú riosca a leagtar amach sa Chinneadh seo a chomhlíonadh. Na caighdeáin sin maidir le bainistiú riosca, ba cheart do ESMA a fhíorú, i gcomhréir le hAirteagal 25(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, gur cuid iad de rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha aon CPL atá á mhaoirsiú ag SEC agus a bhfuil iarratas á chur isteach aige ar aitheantas san Aontas. Go háirithe, ba cheart do ESMA a sheiceáil go gcuireann an CPL tréimhse leachtaithe 2 lá i bhfeidhm i ndáil le conarthaí díorthacha nach le díorthaigh thar an gcuntar a bhaineann siad agus go gcuireann sé tréimhse leachtaithe 5 lá i bhfeidhm i ndáil le conarthaí díorthacha thar an gcuntar, rud atá ar bhonn glanluachála sa dá chás, agus go gcuireann an CPL bearta i bhfeidhm atá ceaptha chun an chomh-thimthriallacht a theorannú, bearta atá coibhéiseach le haon cheann de na trí bheart a leagtar amach faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le héarlaisí cobhsaí coimeádacha a chur ar fáil.

(23) De réir Airteagal 25(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta i ndáil le CPLanna atá bunaithe i dtríú tír, ní mór foráil a dhéanamh leo maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú leanúnach i ndáil le CPLanna sa dlínse sin ar bhonn leanúnach.

(24) Déanann SEC faireachán leanúnach ar CPLanna atá faoina mhaoirseacht. Le cois na cumhachta atá aige athruithe rialacha a chomhdaíonn CPL cláraithe a athbhreithniú agus a fhormheas, tá cumhachtaí leathana ag SEC cóipeanna a iarraidh de leabhair agus de thaifid CPLanna, scrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh chun rioscaí atá ann cheana agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a mheas, faireachán a dhéanamh ar an CPL i ndáil leis na rialacha is infheidhme maidir leis a chomhlíonadh, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar fhormhaoireseacht an CPL maidir lena rannpháirtithe a chuid rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha a chomhlíonadh. Tá sé de chumhacht ag SEC athruithe ar rialacha agus ar nósanna imeachta a iarraidh agus féadfaidh sé caingne sibhialta a thionscnamh chun leigheasanna urghaire agus leigheasanna eile a fháil, nó imeachtaí riaracháin a thionscnamh i gcás ina sáraítear na rialacha is infheidhme. I gcás nach dtabharfar aghaidh ar easnaimh, féadfar gurb é an toradh a bheidh ar scrúdú SEC an clárú a chúlghairm. Tá feidhm ag na cumhachtaí sin freisin maidir le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe.

(25) Dá bhrí sin, na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta maidir le CPLanna, lena n-áirítear iad siúd atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, chinn an Coimisiún go ndéantar foráil leo maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhonn leanúnach.

(26) De réir Airteagal 25(6), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlíthiúla agus maoirseachta tríú tír, ní mór córas coibhéiseach éifeachtach a chuimsiú iontu maidir le haitheantas a thabhairt do CPLanna atá údaruithe faoi chórais dlí tríú tír ("CPLanna tríú tír").

(27) CPLanna nach contrapháirtithe de chuid na Stát Aontaithe iad, féadfaidh siad iarratas a chur chuig SEC ar chlárú mar "ghníomhaireacht imréitigh". Go dtí seo, d'éiligh SEC an clárú sin, nó diolúine ó chlárú, i gcás seirbhísí imréitigh i ndáil le hurrúis de chuid na Stát Aontaithe a sholáthraítear do shaoránaigh de na Stáit Aontaithe, nó seirbhísí imréitigh i ndáil le babhtálacha urrúsbhunaithe.

(28) CPLanna nach CPLanna de chuid na Stát Aontaithe iad agus atá cláraithe le SEC, ní mór dóibh na ceanglais ábhartha de chuid na Stát Aontaithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear rialacháin de chuid SEC is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cláraithe atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe. Mar sin féin, leis an Acht um Malartú deonaítear údarás díolmhaithe forleathan do SEC. Faoi Roinn 17A(b)(1) den Acht um Malartú, féadfaidh SEC faoiseamh díolmhaithe a sholáthar maidir le ceanglais rialála má bhíonn sé ag teacht le leas an phobail, cosaint infheisteoirí, agus críocha Roinn 17A den Acht um Malartú, lena n-áirítear idirbhearta urrús a imréiteach agus a shocrú go cruinn pras, agus urrúis agus cistí a chosaint. Faoi Roinn 36 den Acht sin, aon duine, urrús nó idirbheart, nó aon aicme nó aicmí daoine, urrús nó idirbheart, féadfaidh SEC, go coinníollach nó go neamhchoinníollach, iad a dhíolmhú ó fhorálacha de chuid an Achta um Malartú nó de chuid rialacha nó rialacháin faoin acht sin a mhéid is riachtanach nó is iomchuí an diolúine sin ar mhaithe le leas an phobail, agus atá an diolúine ag teacht le cosaint infheisteoirí. Ina theannta sin, faoi Roinn 17A(k) den Acht um Malartú, clárú mar ghníomhaireacht imréitigh chun bheith in ann babhtálacha urrúsbhunaithe a imréiteach, féadfaidh SEC diolúine uaidh sin a dheonú, go coinníollach nó go neamhchoinníollach, má chinneann sé go bhfuil an ghníomhaireacht imréitigh faoi réir maoirseacht agus rialú inchomparáide agus cuimsitheach ag na húdaráis rialtais is iomchuí i dtír bhaile na gníomhaireachta imréitigh.

(29) Tá ráiteas agus treoir bheartais ([6]) eisithe ag SEC atá dírithe chuig CPLanna atá údaraithe san Aontas. Tá achoimre ardleibhéil sa ráiteas beartais maidir leis an gcreat dlíthiúil a bhfuil feidhm aige maidir le CPLanna atá cláraithe le SEC, agus mínítear ann an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ar dhíolúintí. Tá samplaí ann freisin den chaoi ar chuir SEC a chumhachtaí díolmhaithe i bhfeidhm ionas go seachnódh sé ceanglais a fhorchur atá neamhriachtanach, atá dúblálach, nó nach bhfuil comhsheasmhach le ceanglais is infheidhme maidir le CPL i ndlínse bhaile, i gcás ina bhfuil creat na dlínse sin comhsheasmhach i gcoitinne leis na Prionsabail maidir le Bonneagar an Mhargaidh Airgeadais (PFMIanna) a d'eisigh an Coiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús. Thairis sin, leagtar amach sa ráiteas agus treoir bheartais na himthosca a ndéanfaidh SEC breithniú orthu agus iarrataí ar dhíolúintí á meas acu, agus mínítear ann go mbreithneoidh SEC a mhéid atá CPL faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú iomchuí ag an údarás inniúil náisiúnta a dhéanann maoirseacht ar an CPL nó ag údaráis ábhartha eile ina dhlínse baile. Ar an mbonn sin, agus faoi réir mheasúnú agus chinneadh SEC go bhfuil an díolúine i gcomhréir leis an Acht um Malartú, féadfaidh SEC diolúine a dheonú do CPL lasmuigh de na Stáit Aontaithe chun a sheachaint go gcuirfí ceanglas de chuid SEC i bhfeidhm atá neamhriachtanach, atá dúblálach, nó nach bhfuil comhsheasmhach leis na ceanglais a leagtar síos i rialacha agus rialacháin is infheidhme maidir leis an CPL ina dhlínse bhaile – an bealach a bhféadfaidh SEC an diolúine sin a dheonú, tá sé inchomparáide leis an gcóras coibhéiseach maidir le haitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(30) Chinn an Coimisiún dá bhrí sin go ndéantar foráil le socruithe dlíthiúla agus maoirseachta SEC maidir le córas coibhéiseach éifeachtach chun aitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír.

([6]) Ráiteas i ndáil le contrapháirtithe lárnacha atá údaraithe faoin Rialachán maidir le Bonneagar na Margaí Eorpacha a bheith ag féachaint le clárú mar ghníomhaireacht imréitigh nó le díolúintí a iarraidh ó cheanglais áirithe faoin Securities Exhange Act of 1934), [Eisiúint Uimh. 34-90492], a eisíodh an 30 Samhain 2020.

(31) Dá bhrí sin, na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme sna Stáit Aontaithe maidir le CPLanna nach mór dóibh na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe a chomhlíonadh agus atá cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag SEC, meastar go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus ba cheart a mheas go bhfuil na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta sin coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(32) Na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe an tráth a nglacfar an Cinneadh seo, is ar na ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí sna Stáit Aontaithe maidir le CPLanna nach mór dóibh na rialacha sin a chomhlíonadh atá an Cinneadh seo bunaithe. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar le ESMA, faireachán a dhéanamh go rialta ar éabhlóid an chreata dhlíthiúil agus maoirseachta is infheidhme sna Stáit Aontaithe maidir leis na CPLanna sin agus ar chomhlíonadh na gcoinníollacha arb iad is bonn do ghlacadh an Chinnidh seo.

(33) Gach 3 bliana ar a laghad, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na forais ar glacadh an Cinneadh seo, lena n-áirítear na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme sna Stáit Aontaithe maidir le CPLanna nach mór dóibh na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe a chomhlíonadh, agus atá cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag an SEC. Tá na hathbhreithnithe rialta sin gan dochar do chumhacht an Choimisiúin tabhairt faoi athbhreithniú sonrach tráth ar bith i gcás ina bhfágfaidh forbairtí ábhartha gur gá don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an gcinneadh a dhéantar leis an gCinneadh seo. Bunaithe ar na torthaí a thiocfaidh as athbhreithniú rialta nó sonrach, féadfaidh an Coimisiún an Cinneadh seo a leasú nó a aisghairm tráth ar bith, go háirithe i gcás ina mbeidh forbairtí i gceist a dhéanfaidh difear do na coinníollacha arb iad is bonn do ghlacadh an Chinnidh seo.

(34) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe a leagtar síos i Ranna 3(a)(23) agus 17A den Securities Exchange Act of 1934, i dTeidil VII agus VIII den Dodd-Frank Wall Street Reform and Consumer Protection Act agus i rialacháin a ghlac an U.S. Securities and Exchange Commission faoi na hachtanna sin, chun críocha Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 measfar socruithe dlíthiúla agus maoirseachta Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) nach mór dóibh na rialacha sin a chomhlíonadh, measfar iad a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i gcás ina gcuimsítear i rialacha agus nósanna inmheánacha CPL den sórt sin bearta sonracha bainistithe riosca lena n-áirithítear gur ar bhonn na bparaiméadar a leanas a ríomhtar agus a bhailítear éarlaisí tosaigh:

(a) i gcás conarthaí díorthacha a dhéantar ar mhargaí rialáilte, tréimhse leachtaithe 2 lá a ríomhtar ar bhonn glanluachála;

(b) i gcás conarthaí díorthacha thar an gcuntar, tréimhse leachtaithe 5 lá arna ríomh ar bhonn glanluachála;

(c) i gcás gach conartha díorthaigh, bearta atá ceaptha chun an chomh-thimthriallacht a theorannú atá coibhéiseach le ceann amháin ar laghad de na nithe seo a leanas:

    (i) bearta lena gcuirtear maolán éarlaise i bhfeidhm is ionann agus an méid seo a leanas ar a laghad – 25 % de na héarlaisí ríofa a cheadaíonn an contrapháirtí lárnach a bheith ídithe go sealadach le linn tréimhsí ina bhfuil méadú suntasach ag teacht ar cheanglais éarlaise ríofa;

    (ii) bearta lena sanntar meáchan 25 % ar a laghad do bharúlacha a thugtar faoi strus le linn na tréimhse aisamhairc;

    (iii) bearta lena n-áirithítear nach mbíonn ceanglais éarlaise níos ísle ná na ceanglais a ríomhfaí i gcás ina n-úsáidfí luaineacht a measadh thar thréimhse 10 mbliana aisamhairc stairiúil.

Airteagal 2

Na forais ar a ndearnadh an cinneadh faoi Airteagal 1, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú orthu faoin Airteagal seo tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, agus ansin tráth nach déanaí ná 3 bliana ina dhiaidh sin arís, agus mar sin de feasta.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA